
OTA Gaillimh

Roinn na dTeangacha agus na hÉigse

# Gaeilge Fheidhmeach & Aistriúchán



| Teideal an Chúrsa | Creidiúintí | Leibhéal NFQ | Campas | Fad | Socrúchán |
|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach & Aistriúchán | 60 | 8 | An Cheathrú Rua Conamara | Bliain | Níl |

Údarás na Gaeltachta

EUROPUS

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Atlantic Technological University

@atugalwaycity
@ATUGalwayCity
@ATU_GalwayCity
ATU Galway City

www.atu.ie



### Ard-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach & Aistriúchán

Is cúrsa ardphraiticiúil é an tArd-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán a reáchtáiltear ar an gCeathrú Rua i gConamara i gcomhar le Europus agus Údarás na Gaeltachta. Níl aon táille i gceist.

Tá an cúrsa dírithe ar dhaoine ar mian leo a bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla anseo in Éirinn nó in Institiúidí na hEorpa nó ar dhaoine ar mian leo a bheith ag obair in earnáil na Gaeilge.

Cuirtear oiliúint ar mhic léinn i ngach réimse den aistriúchán agus de chruinneas teanga agus tá modúil ar leith sa chúrsa atá dírithe ar ghnéithe eile de thionscal na teanga – craoltóireacht agus fotheidealóireacht ina measc.

### Cad atá romhat?

Is cúrsa lánaimseartha ó Dheireadh Fómhair go hAibreán an tArd-Dioplóma. Reáchtáiltear ranganna teagaisc ón 10.00am go 1.00 pm ó Luan go hAoine in ionad Europus ar an gCeathrú Rua. Bíonn cleachtadh le déanamh ag mic léinn gach tráthnóna agus aiseolas le fáil acu ar an obair sin go rialta.

Beidh mic léinn cláraithe le Roinn na dTeangacha agus na hÉigse agus teacht iomlán acu ar áiseanna leabharlainne agus eile na hOllscoile. Coinnítear ceangal láidir le campas na hOllscoile i gcathair na Gaillimhe feadh na bliana.

Tá an cúrsa leagtha amach de réir seacht modúl agus is teagascóirí a bhfuil saineolas agus taithí mhór acu ag obair sa tionscal anseo sa mbaile agus sna hInstitiúidí Eorpacha a dhéanann an teagasc.

Reáchtáiltear seachtain aoichainteoirí le léargas níos leithne a thabhairt do mhic léinn ar an tionscal a mbeidh siad ag feidhmiú ann mar aistritheoirí agus ar na deiseanna atá ar fáil chomh maith le turas seachtaine ar Institiúidí na hEorpa.

## Na Modúil

### Cruinneas na Gaeilge

Dianchúrsa gramadaí ina ndéanfar grinnstaidéar ar *Gramadach na Gaeilge – An Caighdeán Oifigiúil.*

### Scil an Aistriúcháin

Oiliúint i scil an aistriúcháin go háirithe ó Bhéarla go Gaeilge, dírithe go sonrach ar na riachtanais aistriúcháin atá sa Ghaeilge faoi láthair. Gheobhaidh mic léinn cleachtadh ar chineálacha éagsúla cáipéisí stáit agus cáipéisí oifigiúla a aistriú.

### Aistriúchán Scripteanna

Tuiscint agus cleachtadh ar an scil a bhaineann le scripteanna agus ábhar cruthaitheach a aistriú go Gaeilge le craoladh ar an raidió, ar an teilifís agus le foilsiú.

### Teicneolaíocht an Aistriúcháin

Taithí agus cleachtadh ar na foinsí agus na huirlisí leictreonacha ar fad atá ar fáil a chabhraíonn le haistritheoirí feidhmiú le héifeacht ar an láthair oibre. Tabharfar léargas do mhic léinn ar mar a oibríonn cuimhní agus trealamh aistriúcháin agus ar an úsáid a bhaintear astu in earnáil an aistriúcháin. Tabharfaidh mic léinn faoi sheánraí éagsúla cláracha teilifíse a fhotheidealú.

### Craoltóireacht

Cruinneas Gaeilge agus tuiscint leathan ar úsáid na teanga go héifeachtach agus go gairmiúil sa chraoltóireacht raidió agus teilifíse trí thaithí phraiticiúil a fháil.  Comhdhéanfaidh mic léinn clár raidió.

### Teoiric an Aistriúcháin

Tuiscint ar an milieu Éireannach, Eorpach agus gnó ina bhfeidhmeoidh mic léinn mar aistritheoirí chomh maith le léargas a fháil ar chúrsaí reachtaíochta teanga.

### Taithí Oibre

Deis do mhic léinn tabhairt faoi cháipéisí foirmiúla a aistriú as a gconlán féin agus treoir agus aiseolas a fháil ón teagascóir faoin táirge críochnaithe.

## Teistiméireachtaí

*Chomh fada agus is eol dom, níl aon chúrsa eile mar an cúrsa seo a thugann an deis do mhic léinn scileanna agus taithí phraiticiúil ríluachmhar a fháil san aistriúchán laistigh de thréimhse 6 mhí! Má theastaíonn uait a bheith i d'aistritheoir gairmiúil, mholfainn go láidir duit an cúrsa seo a dhéanamh.*

**Róisín, Ard-Dioplóma 19-20**

*Níl aon dabht faoi ach ní bheadh post faighte agam mar aistritheoir sa Bhruiséil gan an cúrsa seo.  Leis na deiseanna ar fad atá ag teacht chun cinn san AE tugann an cúrsa seo buntáiste mór duit agus tú ag cur isteach ar na comórtais.*

**Caomhán, Ard-Dioplóma 20-21**

*Mholfainn an cúrsa seo do dhuine ar bith a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge. Tá i bhfad níos mó i gceist leis ná cúrsa aistriúcháin. Is cinnte go gcuirfidh sé le do chuid scileanna gairmiúla agus teanga agus go mbeidh réimse leathan deiseanna fostaíochta ar fáil do dhuine ar bith a thabharfaidh faoi ach chomh maith leis sin is taithí saoil den chéad scoth an cúrsa seo.*

**Ciara, Ard-Dioplóma 20-21**


*Ba é an cinneadh is fearr a rinne mé riamh é tabhairt faoin gcúrsa seo. Printíseacht i gceird an aistriúcháin a bhí ann agus aistear foghlama den chéad scoth, ar chuile bhealach. Cuimhneoidh mé go deo ar laethanta an chúrsa seo agus muid ag treabhadh linn in éindí, in ainneoin na paindéime. Tá foireann an chúrsa le moladh go hard as gach ar mhúin sibh dom. Ní beag an méid é. Treise libh!*

**Meadhbh, Ard-Dioplóma 20-21**

*Is iomaí cúrsa, teanga agus eile, atá déanta agam i gcaitheamh mo shaoil oibre agus seachas ceann amháin in Harvard, is é seo an cúrsa is fearr a rinne mé riamh!*

**Helena, Ard-Dioplóma 22-23**

Roinn na dTeangacha agus na hÉigse




## Cúiseanna tabhairt faoi:

- cúrsa fadbhunaithe a bhfuil dea-theist air
- creidiúnú NFQ - Leibhéal 8
- cleachtadh praiticiúil ar réimse leathan téacsanna a aistriú
- ardphoist bainte amach ag céimithe san aistriúchán, sna meáin chumarsáide, in institiúidí na hEorpa agus sa Státseirbhís
- deis 6 mhí a chaitheamh i gceartlár na Gaeltachta
- gan aon táille i gceist

## Europus

Is comhlacht aistriúcháin agus comhairleoireachta teanga é Europus a bunaíodh i 1996 a chuireann seirbhísí aistriúcháin, comhairleoireachta agus fotheidealóireachta den chéad scoth ar fáil do chliaint san earnáil phríobháideach agus phoiblí agus do na hInstitiúidí Eorpacha.

**Tá tuilleadh eolais uaim. Cé leis a labhróidh mé?**

## Deiseanna Fostaíochta

Le hachtú Acht na dTeangacha Oifigiúla, lánstádas oifigiúil oibre a bheith ag an nGaeilge san Aontas Eorpach agus an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, tá mórdheiseanna nua fostaíochta ann do dhaoine a bhfuil ardscileanna Gaeilge acu.
Tá tóir ar chéimithe an Ard-Dioplóma sa Státseirbhís, in eagraíochtaí Gaeilge, sna meáin chumarsáide agus sa tionscal closamhairc agus níos faide ó bhaile in Institiúidí an Aontais Eorpaigh.




**sinead@europus.ie**
**sinead.nirainne@associate.atu.ie**

Chun iarratas a dhéanamh téigh chuig:
**https://ga-europus.ie/training-courses/**

www.atu.ie

@atugalwaycity
@ATUGalwayCity
@ATU_GalwayCity
ATU Galway City